



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Meitheamh 2023
(OR. en)

10890/23

FIN 667

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	20 Meitheamh 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 390 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad AE amach anseo (2024-2028)

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 390 final.

Faoi iamh: COM(2023) 390 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.6.2023
COM(2023) 390 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad AE amach anseo (2024-2028)

{SWD(2023) 218 final}

Clár na nÁbhar

CLÁR NA NÁBHAR.....	1
1. Réamhrá.....	2
2. Réamhaisnéis ar insreabhadh bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2024-2028.....	2
2.1. Tábla Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027.....	4
2.2. Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích.....	7
2.3. Gealltanais saortha.....	8
2.4. Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.....	9
2.5. Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanais le hÍoc.....	10
3. Réamhaisnéis ar insreabhadh bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2024-2027.....	11
4. Conclúidí.....	13
larscríbhinn II – Torthaí na réamhaisnéise.....	15
<i>Tá na luachanna go léir in EUR billiún, praghsanna reatha, mura sonraítear a mhalairt. Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn roinnt suimeanna iomlána le chéile.</i>	
Tábla 1.1 – Réamhaisnéis fhadtéarmach eis-sreafa amach anseo thar 2023-2027 le haghaidh CAI15	
Tábla 1.2 – Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027	16
Tábla 1.3 – Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích	17
Tábla 2 – Réamhaisnéis maidir le saoradh 2024-2027	18
Tábla 3 – Réamhaisnéis fhadtéarmach an eis-sreafa le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.....	19
Tábla 4 – Athrú ar na gealltanais iomlána le hÍoc ó 2024 go 2027	20
Tábla 5 – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad AE amach anseo thar 2024-2027	

1. Réamhrá

Tionscnaítear sa tuarascáil seo insreafadh agus eis-sreafadh bhuiséad an Aontais Eorpaigh do na cúig bliana amach romhainn i gcomhréir le hAirteagal 247(1)(c) den Rialachán Airgeadaisⁱ. Leis an tríú heagránⁱⁱ seo ⁱⁱⁱréamhaisnéisítear an t-ioncam agus an caiteachas a eascraíonn as an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021-2027 agus as Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh^{iv} thar an tréimhse 2024-2028^v

Déantar íocaíochtaí as buiséad an Aontais i ndiaidh gealltanais. Tá na meastacháin maidir le híocaíochtaí a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo bunaithe ar na leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a áirítear sa chlárú airgeadais a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2024 (DB 2024)^{vi}, ina gcuimsítear na coigeartuithe clárshonracha faoi Airteagal 5 de Rialachán CAI^{vii} chomh maith le hathúsáid saortha faoi Airteagal 15(3)^{viii} den Rialachán Airgeadais. A mhéid a bhaineann le hioncam, tá an réamhaisnéis bunaithe ar chóras ioncaim an Chinnidh maidir le hAcmhainní Dílse^{ix}. Breithnítear sna réamh-mheastacháin ioncaim freisin an Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach^x ('an Comhaontú um Tharraingt Siar').

In éineacht le meastacháin CAI, déantar réamh-mheastacháin sa réamhaisnéis seo ar íocaíochtaí maidir le gach clár faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Déantar an caiteachas sin, sa bhreis ar an gcaiteachas faoi CAI, a mhaoiniú le fáiltais ioncaim ó oibríochtaí iasachtaíochta ar na margaí caipitil.


Meastar leis an réamhaisnéis sin na híocaíochtaí gan íoc a d'eascraigh as gealltanais a rinneadh i gclár ó CAI 2021-2027 agus níos luaithe, agus tá na híocaíochtaí a bhaineann le cláir CAI i ndiaidh 2027 lasmuigh de raon feidhme na réamhaisnéise sin. Ní réamh-mheastar cásanna sa tuarascáil seo maidir le costais um maoiniú Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus breithnítear inti na méideanna de réir an chláraithe airgeadais.

2. Réamhaisnéis ar insreabhadh bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2024-2028

Thar an tréimhse 2024-2028, meastar gurb ionann na híocaíochtaí agus EUR 10422 bhilliún, lena n-áirítear EUR 824 bhilliún faoi uasteorainn íocaíochta CAI agus EUR 216 bhilliún ó thacaíocht neamh-inaisíochta ó thacaíocht ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Cuimsítear sa réamhaisnéis na coigeartuithe clárshonracha amach anseo bunaithe ar Airteagal 5 de Rialachán CAI agus athúsáid an tsaortha faoi Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais do na blianta 2025 - 2027. Meastar go mbeidh coigeartú suas uathoibríoch ar uasteorainneacha CAI maidir le gealltanais agus íocaíochtaí EUR 12.6 billiún i gceist sa tréimhse 2022- thoradh ar na coigeartuithe clárshonracha^{xi}. Braithfidh an coigeartú bliantúil beacht ar an ioncam ó fhíneálacha iomaíochta sa bhliain roimhe sin le haghaidh méid foriomlán EUR 11 bhilliún (i bpraghsanna 2018) faoi 2027.

Cairt 1 - Réamhaisnéis íocaíochtaí de réir catagóire



Ní dháilfear íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh go haonfhoirmeach thar an tréimhse 2024-2028. Braitheann an réamhaisnéis ar an teacht chun cinn a bhaineann leo seo a leanas: 1) na híocaíochtaí ó chlár chaiteachais arna maoiniú ó CAI 2021-2027 (75 % de na híocaíochtaí iomlána), 2) na heisíocaíochtaí ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (21 % de na híocaíochtaí), agus 3) na híocaíochtaí arna n-eascairt as gealltanais gan íoc CAI 2014-2020 agus níos luaithe (4 % de na híocaíochtaí). Is é 208 mbilliún meán bliantúil measta eis-sreafadh bhuiséad an Aontais EUR, agus tá EUR 43 bhilliún á mhaoiniú trí iasachtaí a fháil ar na margaí caipitil i gcomhair chlár Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Comhfhreagaíonn an réamhaisnéis le haghaidh 2008 leis na híocaíochtaí gan íoc a d'eascaigh as gealltanais a rinneadh i gclár ó CAI 2021-2027 agus níos luaithe, agus tá na híocaíochtaí a bhaineann le clár CAI i ndiaidh 2027 lasmuigh de raon feidhme na réamhaisnéise sin.


Táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar na híocaíochtaí foriomlána in 2025 agus go dtiocfaidh méadú orthu in 2026. Taispeántar sna réamh-mheastacháin maidir leis na híocaíochtaí ó CAI 2021-2027 méadú de réir a chéile sna blianta 2025-2026 agus méadú níos lú sa chéad cheann eile, agus táthar ag súil go dtiocfaidh laghdú ar íocaíochtaí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh in 2025 agus 2026 i gcomparáid le 2024. Le cur chun feidhme Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh tugtha chun críche in 2026, comhfhreagraíonn formhór na n-íocaíochtaí sa dá bhliain réamhaisnéise deiridh do chlár CAI 2021-2027.

I ndáil leis an gcaiteachas faoi CAI 2021-2027 agus na CAInna roimhe sin, is ionann réamhaisnéis na meáníocaíochtaí bliantúla agus EUR 165 bhilliún, agus na blianta 2024, 2025 agus 2028 faoi bhun an fhigiúir sin agus na mblianta 2026 agus 2027 os cionn an fhigiúir sin. Cé go raibh sé níos treisithe i bhfianaise moilleanna níos tábhachtaí ar chur chun feidhme, breathnaíodh an patrún sin in CAInna roimhe seo mar gheall ar laghdú de réir a chéile ar íocaíochtaí agus mar gheall ar dhúnadh na tréimhse clár roimhe sin agus mar gheall ar chéimniú isteach na gclár nua nach raibh faoi lánseol go dtí an dara leath de CAI.

Meastar gurb é EUR 11 bhilliún an corrlach réamhaisnéise do 2024-2027 arna shainiú mar an difríocht idir na híocaíochtaí réamhaisnéise faoi uasteorainn CAI agus an uasteorainn íocaíochta arna socrú sa choigeartú bliantúil teicniúil do 2024 (TAJU 2024). In 2024 agus 2025, is é EUR 31 bhilliún agus EUR 9 mbilliún faoi seach corrlach bliantúil réamh-mheasta, agus tá na corrlaigh réamhaisnéise le haghaidh 2026 agus 2027 diúltach, agus tá sé measta go rachaidh na híocaíochtaí EUR 16 bhilliún agus EUR 12 bhilliún thart an uasteorainn. Tá na corrlaigh dhearfacha nó dhiúltacha atá ann mar thoradh ar uasteorainn chobhsaí

íocaíochta i dtéarmaí réadacha agus ar chonair athraitheach na gclár faoi bhuiséad an Aontais, arna spreagadh go príomha le cur chun feidhme an bheartais chomhtháthaithe. De bhun shásra coigeartaithe uathoibríoch na hIonstraime Corrlaigh Aonair faoi Airteagal 11(1)(b) de Rialachán CAI, amhail ó 2022 méadófar leis na méideanna gan chaitheamh in aon bhliain amháin na huasteorainneacha bliantúla a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, leis na corrlaigh dhearfacha roimh 2025 méadaítear na huasteorainneacha in 2025-2027 (laistigh de na teorainneacha a leagtar síos le hAirteagal 11(3) de Rialachán CAI. Agus na coigeartuithe sin, chomh maith leis an gcoigeartú clárshonrach amach anseo ar Airteagal 5 de Rialachán CAI (lena ndéanfar méadú EUR 7.7 billiún sa bhreis ar na huasteorainneacha íocaíochta) á gcur san áireamh, meastar go bhfreastalóidh uasteorainn íocaíochta CAI 2021-2027 ar na híocaíochtaí iomlána atá measta. Mar sin féin, in 2026, d'fhéadfaí dul EUR 0.8 billiún thar an uasteorainn íocaíochta uasta, agus bheadh sé sin le híoc faoi uasteorainn íocaíochta 2027. Tá sé sin spreagtha den chuid is mó leis an bpatrún íocaíochtaí réamhaisnéise le haghaidh cláir chomhtháthaithe a gcuirfear dlús leo an mbliain sin agus leis an mbuaicphointe a shroicheadh sa Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) mar gheall ar an bhforluí idir tabhairt chun críche na gclár ó 2014-2022 agus lánseol CAI reatha. D'fhéadfadh sárú níos mó ar an uasteorainn íocaíochta sa bhliain sin a bheith mar thoradh ar luathu ar íocaíochtaí clár comhtháthaithe thar an gcás lárnach réamhaisnéise a nglactar leis sa tuarascáil seo (féach ranna 2.1 agus 2.3).

Cairt 2 - Réamhaisnéis íocaíochtaí i gcomparáid le huasteorainn íocaíochta CAI don tréimhse 2024-2027



2.1. Tábla Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027

Is ionann an Beartas Comhtháthaithe agus an Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus níos mó ná leath na n-íocaíochtaí réamh-mheasta arna n-eascrú as CAI 2021-2027. Is le cur chun feidhme an dá bheartas sin a spreagtar meastacháin na réamhaisnéise íocaíochta fadtéarmaí den chuid is mó.

Ceannteideal 2a - Beartas comhtháthaithe

I ndiaidh na cláir go léir a fhorhmeas faoi dheireadh 2022, cuireadh tús le cur chun feidhme na gclár comhtháthaithe le haghaidh 2021-2027 anuraidh le heisiocaíocht an réamh-mhaoinithe i gcomhair 2021 agus 2022, chomh maith leis an réamh-mhaoiniú breise do FAST-CARE. In 2023 agus 2024, déanfar

réamh-mhaoiniú breise agus na chéad íocaíochtaí eatramhacha eile a eisíoc, cé go déanfar é ar luas níos moille ná mar a rinneadh sa chlárthréimhse roimhe sin. Mínítear é sin go príomha leis an gclárú moillithe chomh maith le hiarrachtaí na n-údarás náisiúnta cláir 2014-2020 a thabhairt chun críche agus dlús a chur le cur chun feidhme Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. I gcomparáid leis an gclárthréimhse roimhe seo, tá bearna cur chun feidhme bliana i gceist le carnadh na moilleanna .


Mar a bhí sa tuarascáil roimhe seo, moltar sa réamhaisnéis seo **trí chás** chun cláir chomhtháthaithe a chur chun feidhme. Agus an fhaisnéis is déanaí atá ar fáil maidir le cur chun feidhme á cur san áireamh, glactar leis go gcuirfidh na Ballstáit dlús leis an gcur chun feidhme in 2025 agus 2026, ach ar bhealach difriúil, chun teacht suas leis na moilleanna carntha agus, ar an dóigh sin, an riosca maidir le saoradh a mhaolú. Glactar leis sa **chás lárnach** go gcuirfidh na Ballstáit dlús leis an gcur chun feidhme in 2025, go sroichfidh siad luas cur chun feidhme CAI 2014-2020 sna blianta 2026 agus 2027 agus an luas seasta iomlán ó 2028 ar aghaidh. Leis an **gcás ar an taobh thuas** reamh-mheastar go mbeidh an cur chun feidhme in 2025 agus 2026 mar a bhí sé in CAI 2014-2020 agus réamh-mheastar go mbeidh sé faoi lánseol sna blianta ina dhiaidh sin. **Glactar leis sa chás ar an taobh thíos** nach n-éireoidh leis na Ballstáit an mhoill bliana a dhúnadh le linn na tréimhse réamhaisnéise.

Glactar leis sna trí chás sin go n-úsáidfí na Ballstáit na deiseanna ar fad a bheidh ar fáil chun saoradh a sheachaint i bhfianaise na rioscaí níos airde i gcomparáid le tuarascáil na bliana seo caite. Meastar sa réamhaisnéis gurb é ó 2025 ar aghaidh, an spriocdháta do ghealltanais 2022, a chuirfidh na Ballstáit éilimh shuntasacha íocaíochta isteach faoi dheireadh na bliana a phróiseálfar an bhliain ina dhiaidh sin. Trína na héilimh íocaíochta sin a chur isteach laghdófaí méid an tsaortha sa bhliain chéanna agus mar thoradh air sin ní tharlódh ach 20 % den saoradh measta. Glactar leis go n-aisghabhfar an 80 % eile mar ioncam sannta inmheánach i méideanna comhionanna sa dá bhliain amach romhainn.

Is ionann na híocaíochtaí réamhaisnéise i gcomhair cláir bheartais chomhtháthaithe 2021-2027 faoin **gcás lárnach** agus EUR220 billiún don tréimhse 2024-2028, agus ba é EUR 177 mbilliún réamhaisnéis na bliana seo caite don tréimhse 2023-2027. Má réamh-mheastar leis an gcás lárnach sin i gcomhair na mblianta 2023-2027 go soláthrófar comparáid atá coibhéiseach le réamhaisnéis na bliana seo caite, bheadh na híocaíochtaí cothrom le EUR 165 billiún, rud a dheimhníonn an mhoill ar an gcur chun feidhme. Léirítear sa bhliain 2026 an tionchar a bhí ag cur isteach déanach na n-éileamh ar íocaíocht.

In ainneoin na dtoimhdí sin, léirítear sna trí chás réamhaisnéise go bhféadfadh saoradh substaintiúil tarlú ó 2025 mura ndéanfaidh na Ballstáit iarrachtaí breise chun teacht suas leis an mbearna cur chun feidhme bliana [féach roinn 2.3 maidir le saoradh]. Chun an riosca sin a sheachaint, bheadh ar bhallstáit iarrachtaí a mhéadú tuilleadh chun cur chun feidhme sna blianta amach romhainn a chur ar luas i bhfad níos gasta ná mar a bhí sa tréimhse 2014-2020.

Cairt 3 - Réamhaisnéis na n-íocaíochtaí do Cheannteideal 2a (gealltanais CAI 2021-2027), agus cásanna ar an taobh thuas agus ar an taobh thíos.



Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus an Ciste um Aistriú Cóir

Is ionann an réamhaisnéis íocaíochtaí do Cholún I de CBT, caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha, agus EUR 163 bhilliún thar 2024-2027, rud atá ag teacht leis an gan clárú airgeadais is déanaí.

I ndiaidh chur isteach agus fhormheas na bPleananna Straitéiseacha CBT go léir, cuireadh tús le cur chun feidhme Cholún II faoi CBT 2023-2027 CETFT in am. Leis na forálacha idirthréimhseacha lena gcuirtear síneadh le cláir 2014-2020, bhíothas ábalta leanúint leis an gcur chun feidhme in 2021 agus 2022.

Áirítear sa réamhaisnéis íocaíochtaí arna n-eascrú as CAI 2021-2027 na híocaíochtaí ó Phleananna CBT 2023-2027 chomh maith leis na cinn atá nasctha leis an síneadh go 2021 agus 2022 (féach Pointe 2.2. Íocaíochtaí ar ghealltanais roimh 2021) a chuirfear i gcrích faoi 2026. Breithnítear sa réamhaisnéis seo freisin na haistrithe idir colúin den Chomhbheartas Talmhaíochta a chuir na Ballstáit in iúl^{xii}, a raibh mar thoradh orthu glan-aistriú EUR4.8 billiún ó Cholún I (CERT) go Colún II (CETFT) i gcomhair na mblianta 2024-2027.

Agus cláir 2014-2022 CETFT ag leanúint lena gcúrsa agus tús tráthúil á chur le cur chun feidhme phleananna nua CBT, táthar ag tuar go ndéanfar na híocaíochtaí go seasta sna blianta amach romhainn, agus go sroichfidh siad buaicphointe in 2026. Tá sé sin mar gheall ar fhorluí íocaíochtaí gan íoc ó chláir 2014-2020 agus ón idirthréimhse 2021-2022, a bhfuil an dá cheann á bhfeidhmiú faoi riail saortha N+3 araon, mar aon le céimniú isteach Phleananna CBT 2023-2027 a leanann riail saortha N+2.

Níl aon íocaíochtaí faoi uasteorainneacha CAI beartaithe don Chiste um Aistriú Cóir i mbuiséad 2023 ná i nDréachtbuiséad 2024 toisc go bhfuil tús áite á thabhairt d'úsáid mhaoiniú lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a bheidh ar fáil go dtí 2026. Is é an toimhde faoin réamhaisnéis seo go dtosódh íocaíochtaí in 2025 chun saoradh ó ghealltanais 2022 a sheachaint.

Cláir agus ceannteidil eile

Méadaítear an réamhaisnéis íocaíochta i gcomparáid leis an mbliain seo caite, go háirithe i gCeannteideal 1 – Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Clár Oibre Digiteach –, Ceannteideal 5 – Slándáil agus Cosaint –, agus Ceannteideal 6 – Comharsanacht agus an Domhan. Tá sé sin mar gheall ar an réamhaisnéis fheabhsaithe maidir le cur chun feidhme, cé go bhfuil luas an chur chun feidhme laghdaithe beagán. Táthar ag súil go mbeifear suas le cúrsaí in 2026.

2.2. Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích

Meastar gurb ionann íocaíochtaí gealltanais roimh 2021 (RAL le haghaidh *reste à liquider*) agus EUR 47.8 billiún don tréimhse 2024-2028.

Ceannteideal 2a – Beartas comhtháthaithe

Baineann an chuid is mó de na híocaíochtaí maidir le gealltanais roimh 2021 (37 %) leis na cláir bheartais chomhtháthaithe, atá á reáchtáil faoi lánseol. Tá na réamh-mheastacháin íocaíochta bunaithe ar réamhaisnéis is déanaí na mBallstát (Eanáir 2022) agus ar fhaisnéis a fuarthas maidir leis an gcur chun feidhme ar an talamh. Leis an nGníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip

(CARE), agus SAFE^{xiii}, meastar go gcuirfidh na Ballstáit dlús le cur chun feidhme na gcistí faoin tréimhse 2014-2020.

Críochnóidh an bhliain chuntasaíochta dheireanach do chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESI) i mí an Mheithimh 2024, agus réamh-mheastar an chuid is mó de na híocaíochtaí faoi dheireadh 2021. Táthar ag súil le híocaíochtaí teoranta i ndiaidh 2024, agus an ráta coinneála agus an t-imríteach réamh-mhaoinithe á gcur san áireamh.

Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta

Mar a bhí sa réamhaisnéis roimhe seo, táthar ag súil go gcríochnófar cláir oibríochtúla forbartha tuaithe 2014-2022 do 2026, agus go n-íofar an chuid is mó de na híocaíochtaí eatramhacha in 2025.

Cláir agus ceannteidil eile

Tá formhór na n-íocaíochtaí gan íoc don chuid eile den bhuiséad roinnte go cothrom le Ceannteideal 1 – Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Clár Oibre Digiteach – agus Ceannteideal 6 – Comharsanacht agus an Domhan. Cé go bhfuiltear ag súil le cur i gcrích faoi Ceannteideal 1 níos luaithe ná i meastacháin roimhe seo, táthar ag súil go ndéanfar na tionscadail faoi Ceannteideal 6 a chúl-ualú níos mó i dtreo 2025-2027.

2.3. Gealltanais saortha

Is é EUR 8.1 billiún réamhaisnéis an tsaortha a eascraíonn as cláir na CAInna reatha agus na CAInna roimhe sin thar 2024-2027, ag méadú i gcomparáid le réamh-mheastacháin na bliana seo caite do na blianta 2023-2027 agus ag taispeáint athruithe substaintiúla ar an gcomhdhéanamh. Is leis na na cláir chomhtháthaithe faoin CAI reatha is mó a spreagann an méadú.

Ceannteideal 2a – Beartas comhtháthaithe

Laghdaítear na méideanna atá i mbaol saortha maidir le cláir 2014-2020 a thabhairt chun críche i gcomparáid leis an réamhaisnéis roimhe seo mar gheall ar na solúbthachtaí substaintiúla lena n-éascaítear ionsú iomlán na gCistí Comhtháthaithe agus lena n-íoslaghdaítear an riosca um shaoradh nuair a dhúntar na cláir.

I gcodarsnacht leis sin, meastar go mbeidh rioscaí tábhachtacha roimh chlár chomhtháthaithe don tréimhse 2021-2027 ó 2025 nuair a bheidh feidhm ag spriocanna an tsaortha do na gealltanais a rinneadh in 2022 agus 2023. Meastar go dtitfidh ráta na n-éileamh íocaíochta chun deiridh i gcomparáid le ráta 2014-2020 mar gheall ar an moill ar fhormheas na gclár agus mar gheall ar an nglacadh íseal i mbuiséad 2023 agus i nDréachtbhuiséad 2024. Ní fhéadfaidh an riosca um shaoradh a laghdú ach amháin má chuirfear dlús leis an gcur chun feidhme in 2025 agus 2026 i ndiaidh an cháis lárnaigh. Mar sin féin, mura dtarlódh an luathú sin agus má fhanann an patrún cur chun feidhme gar don chás ar an taobh thíos, bheadh na méideanna lena mbaineann an baol um shaoradh i bhfad níos mó. Faoin gcás sin, i gcás nach bhfuil na Ballstáit ábalta teacht suas leis an moill bliana, d'fhéadfaí sciar tábhachtach de ghealltanais athchláraithe 2021 a chailleadh. Ina theannta sin, i gcás nach laghdófaí an saoradh mar a thuairiscítear i bpointe 2.1 agus mar a ghlactar leis sna trí chás, dhéanfaí méid réamh-mheasta an tsaortha maidir le cláir an bheartais Chomhtháthaithe a mhéadú faoi 5 [féach Tábla 2].

Ceannteideal 3 - An Comhbheartas Talmhaíochta agus an Ciste um Aistriú Cóir

Tá an réamhaisnéis maidir le saoradh i gclár 2014-2022 de CETFT i gcomhréir le torthaí na bliana seo caite. Táthar ag súil go ndúnfar na cláir in 2026, rud a chuirfidh feabhas suntasach ar thoradh 2007-2013. Más ann dó, mheasfaí an saoradh i ndáil le Pleananna Straitéiseacha CBT 2023-2027 nuair a dhúnfaí iad (i.e., i dtreo 2029-2030), agus tá siad lasmuigh de raon feidhme na tuarascála seo.

Amhail i gcás na gCistí Comhtháthaithe, leis an moill ar fhorbairt ghníomhartha dlí agus chlár ábhartha an Chiste um Aistriú Cóir mar aon leis an iarchur maidir le cur chun feidhme, cuireadh méideanna tábhachtacha i mbaol saortha amhail ó 2025 mar gheall ar an teorainn ama do na gealltanais a rinneadh sna blianta 2022 agus 2023. I ndiaidh na dtuairisc céanna a bhaineann leis na cláir Chomhtháthaithe eile ar a dtugtar tuairisc i bpointe 2.1, ní mór do na Ballstáit dlús a chur leis an gcur chun feidhme in 2025 agus in 2026 chun saoradh a d'fhéadfadh tarlú ó 2025 a sheachaint.

Clár agus ceannteidil eile

Maidir leis na cláir atá á mbainistiú go díreach ag an gCoimisiún, tá an réamhaisnéis maidir le saoradh bunaithe ar an bhfaisnéis is déanaí ar leibhéal an tionscadail. Mar a bhí sa tuarascáil roimhe seo, tá na réamh-mheastacháin maidir le saoradh a bhaineann le clár CAI 2021-2027 bunaithe ar rátaí um shaoradh na gclár a bhí ann roimhe seo. Bhraithfeadh an bhliain bheacht um shaoradh ar dhúnadh na dtionscadal agus na ngníomhaíochtaí aonair agus ní féidir é sin a réamhaisnéisiú le cruinneas.

2.4. Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

Is ionstraim éigeandála shealadach í Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh le haghaidh bearta freagartha géarchéime, téarnaimh agus athléimneachta. Is éard atá sa chuid neamh-inaisíochta d'ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ná ioncam sannta seachtrach agus úsáidtear í chun tacú go tapa le tosaíochtaí athchóirithe agus infheistíochta – go háirithe tríd an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**– agus chun roinnt príomhchlár don téarnamh a threisiú. Chun tionchar Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur i láthair ar bhealach trédhearcach, déantar na meastacháin ar chur chun feidhme ionchais an ioncaim sannta sheachtraigh a dhréachtú ar leithligh do gach clár (féach Tábla 3). Bunaítear an réamhaisnéis bunaithe ar na tráthchodanna gealltanais bliantúil a chuirtear ar fáil sa chlárú airgeadais a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2024.

An chuid is tábhachtaí d'ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh is ea an **tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta**, a bhfuil 80 % de na leithdháiltí neamh-inaisíochta i gceist léi^{xiv}. Is de réir luas na n-eisíocaíochtaí don Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta is mó a shocraítear eis-sreabhadh an Aontais Eorpaigh. Tá an tSaoráid ag céim an chur chun feidhme, agus tá dul chun cinn déanta aici de réir amlíne na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá leagtha amach ag na Ballstáit.

Amhail ó mhí na Bealtaine 2023, tá Pleananna Náisiúnta um Théarnamh agus Athléimneacht glactha ag gach ceann de na 27 mBallstát. Glacadh dhá cheann is fiche de na pleananna téarnaimh agus athléimneachta in 2021, rud a spreag fócaíochtaí réamh-mhaoinithe agus síniú na gcomhaontuithe maoiniúcháin agus iasachta, agus glacadh na cúig cinn eile in 2022. Leasaíodh roinnt pleananna in 2023 chun an leithdháileadh nuashonraithe a chur san áireamh (i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta). Ar an iomlán, eisíodadh EUR 153.4 bhilliún (EUR 106.3 bhilliún i dtacaíocht neamh-inaisíochta agus EUR 47.1 billiún inaisíochta ó iasachtaí) as thart ar EUR 500 billiún i ndeontais agus in iasachtaí na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Áirítear leis sin EUR 56.5 billiún i réamh-mhaoiniú. Abrath ar an dul chun cinn i gcur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus

athléimneachta náisiúnta, táthar ag súil go sroichfidh eisíocaíochtaí deontais bliantúla na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta leibhéal de EUR 96 bhiliún in 2024, agus tá sé tuartha go laghdóidh sé ina dhiaidh sin go EUR 39 mbiliún in 2025 sula méadóidh sé arís go dtí thart ar EUR 47 mbiliún in 2026. I gcomparáid le réamhaisnéis na bliana seo caite, tá an phróifíl le haghaidh eisíocaíochtaí beagán níos lú tús-ualaithe toisc gur tharla roinnt moilleanna ar an gcur chun feidhme i dtaca le hinfheistíochtaí agus athchóirithe casta. Ní mheastar aon saoradh sa réamhaisnéis sin.

Mar a leagtar síos i Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, déanfar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta a mhodhnú le linn 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe a chur san áireamh. Cuimseoidh i nuashonrú na bpleananna caibidlí tiomnaithe REPowerEU freisin, d'fhonn go mbeifear níos neamhspleáiche ar fhuinneamh ón Rúis agus, dá bhrí sin, an t-aistriú fuinnimh i dtreo foinsí fuinnimh inathnuaite inbhuanaithe a chothú.

Thug na Ballstáit tús áite mór do na pleananna téarnaimh agus athléimneachta maidir le tacaíocht neamh-inaisíochta a úsáid chun infheistíochtaí agus athchóirithe a mhaoiniú. Agus leibhéal agus luas na ngealltanais iasachta á gcur san áireamh, tugann sé sin le tuiscint go bhfuil EUR 225 bhiliún de thacaíocht iasachta ar fáil do na Ballstáit le haghaidh gealltanais in 2023. Léirigh 10 mBallstát spéis in iasachtaí (breise) na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta ar thart ar EUR 145 bhiliún ar an iomlán, i gcomhréir le hAirteagal 14(6) den Rialachán leasaithe maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá go dtí an 31 Lúnasa 2023 ag na Ballstáit chun tacaíocht iasachta den sórt sin a iarraidh.^{xv}

Is é **REACT-EU** an dara hionstraim is mó d'ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Bhí 12 % den tacaíocht neamh-inaisíochta agus dáileadh acmhainní breise i gceist leis in 2021 agus 2022 trí chuid de na cistí beartais comhtháthaithe atá ann cheana (CFRE agus CSE). Rinneadh gealltanais REACT-EU thar 2021-2022. Díritear na híocaíochtaí eatramhacha agus deiridh thar 2022-2024, i gcomhréir le cuspóirí REACT-EU chun soláthar a luathú trí chlár atá ann cheana a úsáid agus solúbthacht iomlán na rialacha cur chun feidhme a sholáthar. I gcomparáid le réamhaisnéis na bliana seo caite, déantar íocaíochtaí ReACT-EU faoi CSE a réamhíoc go 2023 chun freastal ar na riachtanais íocaíochta mhéadaithe i ndiaidh acmhainní breise a aistríodh ó CFRE go CSE in 2022 ach freisin i gcomhréir le cineál gearrthéarmach bhearta CSE. Meastar go dtiocfaidh méadú ar íocaíochtaí ReACT-EU faoi CFRE in 2024 i gcomparáid le réamhaisnéis na bliana seo caite mar gheall ar thionchar na gcostas fuinnimh níos airde agus ghanntanais na n-amhábhbar.

Is féidir le Ballstáit leas a bhaint as maoiniú faoi ReACT-EU chun aghaidh a thabhairt ar shruthanna dídeanaithe i ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin. Chun an brú ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú agus cur chun feidhme níos tapúla agus níos éasca na mbeart a bhaineann le lánpháirtiú náisiúnach tríú tír a éascú, mhol an Coimisiún roghanna méadaithe réamh-mhaoinithe agus simplithe costais in 2022^{xvi}. Táthar ag súil go mbeidh roinnt teoranta d'íocaíochtaí dúnta faoi CSE agus CFRE faoi dheireadh 2025.


Glacann na cúig chlár eile a dtugtar tacaíocht ina leith trí ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh an 8 % eile den leithdháileadh neamh-inaisíochta. Sa réamhaisnéis íocaíochtaí cuirtear taithí na gclár roimhe sin san áireamh, ag cur san áireamh timthriall na ngealltanais níos gairide agus an fócas ar riachtanais téarnaimh láithreacha. Chuaigh na moilleanna ar ghlacadh an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na reachtaíochta a bhaineann go sonrach le clár i gcion ar an **gCiste um Aistriú Cóir**. Faoi dheireadh 2022, glacadh gach clár CUAC a cuireadh isteach (gach Ballstát, seachas an Bhulgáir, nach bhfuil a chlár CUAC curtha isteach aici go fóill). Cuireadh tús leis an gcéim cur chun feidhme go díreach i ndiaidh ghlacadh na gclár, agus tá gach eisíocaíocht thar 2023-2026 réamh-mheasta. Maidir le **InvestEU**, léirítear leis an réamhaisnéis sceideal soláthair measta na ráthaíochta buiséadaí, caiteachas don mhol comhairleach agus speansais tacaíochta.

2.5. Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanais le hÍoc

Meastar go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar an RAL iomlán ó 2021-2027 agus ó CAInna roimhe sin thar an tréimhse 2024-2027, ó EUR 274 bhilliún go EUR 322 bhilliún. Agus Comhtháthú i gceist le sciar mór, cinnfear le cur chun feidhme an bheartais seo faoi rialail saortha N+3 an teacht chun cinn foriomlán i stoc na ngealltanais le hÍoc, agus cúl-ualú na n-íocaíochtaí i dtreo dheireadh CAI agus ina dhiaidh sin (féach pointe 2.1). Maidir le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, déanfar RAL a shocrú de réir a chéile go dtí deireadh 2026 nuair a chaithfidh na hÍocaíochtaí go léir a bheith curtha i gcrích.

Laghdófaí an réamhaisnéis maidir le teacht chun cinn RAL a eascraíonn as CAInna 2021-2027 agus CAInna roimhe sin (seachas Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh) mar sciar de OIN AE-27 ó 1.8 % go 1.6 % in 2027, rud a mhínítear leis an méadú ar RAL arna chúiteamh le fás OIN AE-27. Ní bhreithnítear na réamh-mheastacháin don bhliain 2028 ós rud é nach ndéantar gealltanais nua i ndiaidh 2027 a réamh-mheas leis an réamhaisnéis seo.

Cairt 4 – Teacht chun cinn leibhéal na ngealltanais le hÍoc (RAL) thar 2024-2027, arna tomhas i gcéatadán Ollioncam Náisiúnta an Aontais



3. Réamhaisnéis ar insreabhadh bhuiséad an Aontais Eorpaigh 2024-2027

Maoinítear buiséad an Aontais Eorpaigh trí acmhainní dílse agus ioncam eile. Ina theannta sin, cumhachtaítear an tAontas chun cistí a fháil ar iasacht chun lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a mhaoiniú. Tá leas á bhaint ag an gCoimisiún as na cistí trí oibríochtaí ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta, i gcomhréir leis na riachtanais um maoiniú chláir chaiteachais lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (féach pointe 2.4). Chuige sin, leanann an Coimisiún straitéis maoinithe éagsúlaithe^{xvii} agus, mar chuid den straitéis sin, foilsíonn sé cinntí bliantúla maidir le hiasachtaí agus pleananna maoinithe sé mhí. Díríonn an réamhaisnéis reatha ar an ioncam is gá chun an caiteachas buiséid laistigh de CAI a mhaoiniú.


Cinntear na hacmhainní dílse a theastaíonn chun an buiséad a mhaoiniú le caiteachas iomlán lúide ‘ioncam eile’. Dá réir sin, tá an réamhaisnéis maidir le hioncam bhuiséadach an Aontais Eorpaigh do 2024-2027 bunaithe ar an bprionsabal nach mór caiteachas a mheaitseáil le hioncam; dá bhrí sin, is ionann ioncam iomlán agus caiteachas iomlán.

Ó 2021 i leith, i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar (cuid V), cuireann an Ríocht Aontaithe ranníocaíocht le buiséad an Aontais Eorpaigh i ndáil le gealltanais gan íoc ó chreataí airgeadais roimhe seo. Áirítear leis sin RAL ag deireadh 2020, chomh maith le pinsin agus dlíteanais eile a leagtar síos sa socrú airgeadais. Is ionann ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe agus ‘ioncam eile’ de chuid bhuiséad an Aontais Eorpaigh agus ní cuid d’acmhainní dílse an Aontais í. Déanfar í a chéimniú amach de réir a chéile, de réir mar a shocrófar na gealltanais gan íoc.

Maidir le hioncam ilghnéitheach eile nach cuid d’acmhainní dílse an Aontais iad, glactar leis go mbeidh siad seasta ar bhonn ainmniúil i gcónaí ar leibhéal Dhréachtbhuiséad 2024.

Is éard atá i gceist le hacmhainní dílse – ranníocaíochtaí náisiúnta agus dleachtanna custaim – ná an chuid is mó den ioncam a theastaíonn chun caiteachas an bhuiséid a mhaoiniú. Tá na réamh-mheastacháin bunaithe ar an gCinneadh maidir le hAcmhainní Dílse atá i bhfeidhm^{xviii}. Ní bhreithnítear iontu na tograí ón gCoimisiún maidir le hacmhainní dílse nua an 20 Meitheamh 2023. Ar an meán don tréimhse 2024-2027, réamh-mheastar go mbeidh na ranníocaíochtaí náisiúnta cothrom le EUR 146 bhilliún in aghaidh na bliana nó 0.76 % d’ollioncam náisiúnta an Aontais Eorpaigh. Is le timthriall caiteachais agus céimniú amach ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe den chuid is mó a chinntear forbairt na ranníocaíochtaí náisiúnta thar thréimhse na réamhaisnéise. Mar gheall ar chur chun feidhme moillithe na gclár caiteachais tábhachtach, beidh na ranníocaíochtaí náisiúnta fós ag leibhéal réasúnta íseal in 2024. Mar thoradh ar mhéadú caiteachais ó chur chun feidhme luathaithe na gclár agus ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le RAL atá ag laghdú, méadófar na ranníocaíochtaí náisiúnta in 2025 agus 2026. Réamh-mheastar go mbeidh na ranníocaíochtaí cobhsaí den chuid is mó in 2027.

Cairt 5 - Réamhaisnéis Ioncaim chun CAI 2024-2027 a mhaoiniú



In aon bhliain ar leith, ní fhéadfaidh na hacmhainní dílse iomlána arna mbailiú ag an Aontas dul thar an uasteorainn acmhainní dílse atá socraithe sa Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse de 1,40 % d'Ollioncam Náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, maille le méadú sealadach breise 0,6 % d'olltáirgeacht intíre an Aontais Eorpaigh chun dliteanais uile an Aontais a chumhdach ó iasachtaí a fuarthas ar na margai caipitil chun lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chistiú. Cé go bhfuil sé réamh-mheasta go dtiocfaidh fás ar acmhainní dílse in 2025 agus 2026, agus go gcobhsóidh siad ansin in 2027, táthar ag súil go mbeidh an corrlach atá ar fáil faoin uasteorainn acmhainní dílse (lamháil mar a thugtar air) cobhsaí den chuid is mó toisc go bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar Ollioncam Náisiúnta an Aontais thar an tréimhse thagartha^{xix}. Is ionann an lamháil agus EUR 207 mbilliún ar an meán thar an tréimhse, agus is ionann sin agus EUR 113 bhilliún don mhéadú ar lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh.

Déantar soláthar i mbuiséad an Aontais Eorpaigh i leith íocaíochtaí úis as na cistí a fuarthas ar iasacht agus a leithdháileadh ar thacaíocht neamh-inaisíoctha faoi lonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh ó cuireadh tús le hiasachtaí in 2021. Déantar na hacmhainní dílse atá riachtanach chun na costais sin a mhaoiniú a chomhaireamh laistigh den mhéadú sealadach de 0.6 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais Eorpaigh de réir uasteorann na n-acmhainní dílse. Tá na costais bheartaithe mar thoradh ar phróifíl chúl-ualaithe chun teacht le rolladh amach céimneach na n-iasachtaí. Ag an am céanna, tá éiginnteacht ann a bhaineann le costas maoiniúcháin an NGEU i bhfianaise an mhéadaithe thapa agus shuntasaigh ar rátaí úis ar na margai airgeadais ó mhí na Nollag 2021 i leith.

4. Conclúidí

Rinneadh an réamhaisnéis reatha a dhréachtú i gcomhthéacs neamhchinnteacht ard mar gheall ar an éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus eacnamaíoch mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise faoin Úcráin. Leis na tionscnaimh a cuireadh ar aghaidh chun tacú leis na Ballstáit, tríú tíortha agus earnálacha sonracha cuireadh dlús le híocaíochtaí do na cláir amuigh agus do chláir nua, agus tá níos mó maoiniúcháin á chur ar fáil le haghaidh ionstraimí maoinithe sheachtraigh don Úcráin agus do na tíortha comhpháirtíochta comharsanachta.

Le cur chun feidhme moillithe chláir an Bheartais Chomhtháthaithe 2021-2027 agus an Chiste um Aistriú Cóir méadaítear na rioscaí a bhaineann le saoradh. D'fhéadfadh fócas na n-údarás náisiúnta ar

chláir ó CAI roimhe seo agus ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a thabhairt chun críche, i bhfianaise a n-achar ama níos giorra, cur leis na moilleanna sin, mar aon le formheas déanach na mbunús dlí agus na gclár ábhartha. Beidh ar na Ballstáit dlús suntasach a chur leis an gcur chun feidhme in 2025 agus 2026 chun ionas gcaillfear cistí mar gheall ar rialacha saortha. I gcás cistí eile, go háirithe faoi Cheannteidil 1 agus 6, laghdaítear na rioscaí, rud a léiríonn an brú ar na cláir sin.

Is leor uasteorainn íocaíochta CAI fós chun na híocaíochtaí réamh-mheasta a chumhdach, seachas in 2026 i gcás ina léirítear sárú sa réamhaisnéis. Meastar go mbeidh na híocaíochtaí i bhfad faoi bhun uasteorainn íocaíochta CAI in 2024 agus 2025, rud a éascóidh aistriú méideanna nár úsáideadh laistigh de theorainneacha áirithe i dtreo dheireadh na tréimhse nuair a bheidh riachtanais chreidmheasa níos airde. Ar an iomlán, meastar gurb é EUR 18.5 billiún an glanchorrach thar 2024-2027 lena n-áirítear coigeartuithe, lena gcuimsítear an méadú ón Ionstraim Corrlaigh Aonair chomh maith leis an gcoigeartú uathoibríoch ar an uasteorainn i ndiaidh na mbreithe bunaithe ar Airteagal 5 CAI arbh é EUR 7.7 billiún a bhí i gceist leis idir 2025-2027, mar a áirítear in TAJU 2024. Faoi na toimhdí reatha, sáróidh na riachtanais mheasta íocaíochta uasteorainn íocaíochta CAI in 2026 agus 2027. In 2026, fiú agus an uasteorainn de EUR 13 bhilliún (i bpraghsanna 2018) faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(b) agus 11(3 Margin Instrument 11(13)^{xx}, á cur san áireamh, sháródh íocaíochtaí an uasteorainn íocaíochta. Tá sé sin spreagtha go mór ag an réamhaisnéis ar theacht chun cinn íocaíochtaí an bheartais chomhtháthaithe agus ag na buntoimhdí, atá faoi réir éiginnteachtaí tábhachtacha. Cé gur cosúil go mbeidh an riosca níos lú in 2027, tá an difríocht idir leibhéal measta na n-íocaíochtaí agus uasteorainn na n-íocaíochtaí fós docht. Go tábhachtach, mar gheall ar an sásra caidheála, ní bheifear ábalta an corrlach measta faoin uasteorainn íocaíochta do 2024 agus 2025 a úsáid go hiomlán sa dara leath de CAI, corrlach a bhfuil beagnach EUR 40 billiún i gceist leis. D'fhéadfadh sé nach mbainfí úsáid as cuid den chorrach.

Táthar ag tacú fós le gilleagar an Aontais agus leis an aistriú chuig fuinneamh glan, glas le hinfheistíochtaí agus athchóirithe spriocdhírithe Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Sna blianta amach romhainn, beidh ar na Ballstáit cistí Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm roimh an spriocdháta le haghaidh eisíocaíochtaí atá sceidealaithe le haghaidh 2026 agus ag an am céanna beidh orthu dlús a chur le cur chun feidhme cistí an bheartais chomhtháthaithe.

Tá RAL réamhaisnéise ag teacht leis an teacht chun cinn ionchasach ar an bhfás eacnamaíoch. Cé go méadóidh RAL go hainmniúil ag deireadh CAI i gcomparáid le 2023, nuair a thomhaistear é mar sciar d'Ollioncam Náisiúnta an Aontais laghdaítear RAL, rud a léiríonn gur mó an fás ainmniúil ar gheilleagar an Aontais ná carnadh na ngealltanais le híoc ó bhuiséad an Aontais. Soláthraítear éifeacht shealadach le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh freisin ar leibhéal na ngealltanais le híoc ag an Aontas Eorpach, a shroichfidh buaicleibhéal ag deireadh 2023 agus a fhillfidh de réir a chéile ar leibhéal atá inchomparáide le tús thréimhse CAI faoi dheireadh 2027.

Tiocfaidh fás ar na hacmhainní dílse a bheidh riachtanach chun an buiséad a mhaoiniú i gcomhréir le caiteachas CAI. Mar sin féin, beidh méid an chorrach atá ar fáil faoi uasteorainn na nAcmhainní Dílse réasúnta cobhsaí i gcónaí de réir mar a thiocfaidh na riachtanais ioncaim mhéadaithe, ar thaobh amháin, bord ar bhord leis an bhfás ainmniúil réamh-mheasta ar gheilleagar AE, ar an taobh eile.

Iarscríbhinn II – Torthaí na réamhaisnéise

Tá na luachanna go léir in EUR billiún, praghsanna reatha, mura sonraítear a mhalairt. Mar gheall ar shlánú, féadfaidh sé nach réitíonn roinnt suimeanna iomlána le chéile.

Tábla 1.1 – Réamhaisnéis fhadtéarmach eis-sreafa amach anseo thar 2023-2027 le haghaidh CAI

Bliain	2024	2025	2026	2027	2028	Iomlán
Uasteorainn na nGealltanais	186.0	187.9	179.7	185.4		738.9
Uasteorainn Íocaíochtaí	170.5	173.7	177.1	180.7		702.0
<i>Ina theannta sin, coigeartú le haghaidh Airteagal 5 Rialachán CAI (meastachán do bhlianta amach anseo)</i>		1.7	1.8	4.2		7.7
Gealltanais (cláreagraithe)*	189.4	192.4	183.2	191.1		756.2
Íocaíochtaí Réamhaisnéise*	143.1	166.3	193.6	193.0	130.5	826.4
<i>Lena mbaineann Ionstraimí Speisialta**</i>	3.2	1.4	0.1			4.7

Tábla 1.2 – Íocaíochtaí i ndáil le gealltanais CAI 2021-2027

Ceannteideal CAI	2024	2025	2026	2027	2028	Iomlán
1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Clár Oibre Digiteach	17.2	21.3	23.3	23.1	16.8	101.7
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	20.1	44.6	64.1	71.7	64.9	265.5
2.1 Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach	10.3	35.1	53.3	58.7	62.0	219.5
2.2 Athléimneacht agus Luachanna	9.8	9.5	10.8	13.1	2.9	46.0
3 Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	46.1	57.3	62.2	55.4	31.4	252.3
3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	40.5	40.7	40.7	40.7		162.5
3.2 Cláir eile faoi Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	5.6	16.6	21.5	14.7	31.4	89.8
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	2.8	3.7	4.7	4.8	3.3	19.2
5 Slándáil agus Cosaint	1.8	2.5	2.9	2.6	2	11.8
6 An Chomharsanacht agus an Domhan	12.7	15.9	17.4	18.1	10.8	74.9
7 An Riarachán Poiblí Eorpach	11.9	12.5	12.9	13.2		50.5
Ionstraimí Speisialta	1.4	1.1				2.5
Iomlán	114.1	158.8	187.6	188.9	129.2	778.6

Tábla 1.3 – Íocaíochtaí as gealltanais roimh 2021 a chur i gcrích

Ceannteideal CAI	2024	2025	2026	2027	2028	Iomlán
1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Clár Oibre Digiteach	3.7	3.1	2.0	1.1	0.8	10.7
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	14.1	1.2	1.4	0.9		17.5
2.1 Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach	13.9	1.1	1.4	0.8		17.1
2.2 Athléimneacht agus Luachanna	0.2	0.1	0.1			0.4
3 Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol	8.2	0.2	0.1	0.1	0.1	8.8
3.1 Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	0.1					0.1
3.2 Cláir eile faoi Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol	8.1	0.2	0.1	0.1	0.1	8.7
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	0.4	0.1				1.6
5 Slándáil agus Cosaint	0.2	0.2	0.1	0.1		0.5
6 An Chomharsanacht agus an Domhan	2.4	2.6	2.4	1.9	0.3	9.7
Iomlán	29.0	7.5	6.1	4.0	1.3	47.8

* Áirítear ar na iomlán na ngealltanais agus na n-íocaíochtaí measta leithreasuithe a eascraíonn as Airteagal 5 de Rialachán CAI agus as Airteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais. Ní chuirtear corrlaigh neamh-leithdháilte san áireamh.

** Cumhdaítear leis na méideanna le haghaidh ionstraimí speisialta an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú, Cúlchiste Coigeartaithe Brexit agus an Ionstraim Sholúbthachta. Sna táblaí ina dhiaidh sin, áirítear na híocaíochtaí a bhaineann le slógadh na hionstraime Solúbthachta sna ceannteidil faoi seach.

Tábla 2 – Réamhaisnéis maidir le saoradh 2024-2027

Ceannteideal CAI	Críoch	CAI	Iomlán
1 An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Clár Oibre Digiteach	<i>0.8</i>	<i>1.1</i>	2.0
2 Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	<i>0.4</i>	<i>2.7</i>	3.1
2.1 Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach	<i>0.2</i>	<i>2.2</i>	2.3
2.2 Athléimneacht agus Luachanna	<i>0.2</i>	<i>0.5</i>	0.7
3 Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol	<i>1.3</i>	<i>0.6</i>	1.9
3.2 Cláir eile faoi Acmhainní Nádurtha agus an Comhshaol	<i>1.3</i>	<i>0.6</i>	1.9
4 Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	<i>0.5</i>	<i>0.3</i>	0.8
5 Slándáil agus Cosaint	<i>0.1</i>	<i>0.0</i>	0.1
6 An Chomharsanacht agus an Domhan	<i>0.1</i>	<i>0.2</i>	0.3
Iomlán	3.2	4.9	8.1

Tábla 3 – Réamhaisnéis fhadtéarmach an eis-sreafa le haghaidh Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh

Clár	2024	2025	2026	2027	Iomlán
Fís Eorpach	1.5	0.6	0.4	0.0	2.5
InvestEU	1.3	1.0	1.2	0.0	3.5
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)	6.3	0.7	0.0	0.0	7.0
Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE)	4.4	0.0	0.0	0.0	4.4
An tSaoráid Eorpach Téarnaimh agus Athléimneachta	96.0	39.1	47.4	0.	182.5
An Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU)	0.4	0.3	0.3	0.0	1.0
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT)	1.8	2.3	0.6	0.0	4.7
An Ciste um Aistriú Cóir	1.2	5.5	3.6	0.0	10.4
Iomlán	112.9	49.6	53.5	0.0	216.0

Tábla 4 – Athrú ar na gealltanais iomlána le hóc ó 2024 go 2027

Foinse	RAL ag tús 2023 (meastachán) [*]	Gealltanais 2024-2027	Íocaíochtaí 2024-2027	Saoradh 2024-2027	RAL ag deireadh 2027
CAI	273.7	756.5	695.9	8.1	321.9
NGEU	216.8	0.1	216.0		0.9
Iomlán	490.6	756.6	911.9	8.1	322.9

** Áirítear le RAL ag tús 2023 EUR 3.4 billiún arna ghiniúint ó ranníocaíochtaí tríú tír le cláir shonracha CAI 2014-2020, nach gcuimsítear sa tábla.*

Tábla 5 – Réamhaisnéis fhadtéarmach maidir le hinsreafaí bhuiséad AE amach anseo thar 2024-2027

		2024	2025	2026	2027	iomlán
<i>Uasteorainn acmhainní dílse in % d'Ollioncam Náisiúnta AE</i>		2.00 %	2.00 %	2.00 %	2.00 %	neamhbh ainteach
<i>lena mbaineann méadú sealadach le haghaidh NGEU</i>		0.60 %	0.60 %	0.60 %	0.60 %	neamhbh ainteach
<i>Uasteorainn na n-acmhainní dílse arna sloinneadh in EUR billiún*</i>	a	353.9	369.1	383.9	398.5	neamhbh ainteach
<i>lena mbaineann méadú sealadach le haghaidh NGEU</i>	a'	106.2	110.7	115.2	119.6	neamhbh ainteach
Glanmhéid na n-acmhainní dílse traidisiúnta**	b	24.6	25.7	26.8	27.8	104.9
Ranníocaíochtaí náisiúnta***	c	112.4	136.3	163.6	162.1	574.5
iomlán na n-acmhainní dílse	d = b+c	137.1	162.0	190.4	189.9	679.3
<i>lena mbaineann acmhainní dílse chun dlíteanais NGEU a mhaoiniú</i>	d'	3.9	2.7	3.8	5.0	15.4
Ioncam eile (ranníocaíocht shealadach ón Ríocht Aontaithe san áireamh)	e	6.0	4.3	3.2	3.0	16.6
IONCAM IOMLÁN	d+e	143.1	166.3	193.6	193.0	695.9
<i>Corrlach atá ar fáil faoi uasteorainn na nAcmhainní Dílse</i>	a-d	216.9	207.1	193.5	208.6	neamhbh ainteach
<i>dá bhfuil corrlach faoin méadú sealadach ar NGEU</i>	a'-d'	102.3	108.0	111.4	114.6	neamhbh ainteach

* Uasteorainn na n-acmhainní dílse - arna ríomh ar bhonn réamhaisnéis eacnamaíoch an Earraigh 2024 d'Ollioncam Náisiúnta AE27 le haghaidh 2023-2027

** Déantar acmhainní dílse traidisiúnta a mheas ar bhonn ráta coinneála 25 % i gcomhair costais bhailiúcháin.

*** Áirítear leis na ranníocaíochtaí náisiúnta acmhainn dhílis bunaithe ar Ollioncam Náisiúnta, acmhainn dhílis athchóirithe bunaithe ar Cháin Bhreisluacha agus an acmhainn dhílis nua bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte.

-
- i. Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018, Ich. 1.
 - ii. COM(2021)343, 30.6.2021.
 - iii. Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 IO L 433I, 22.12.2020, Ich. 11.
 - iv. Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, IO L 433I, 22.12.2020, Ich. 23 ('Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh').
 - v. Mura sonraítear a mhalairt, sloinntear gach suim sa tuarascáil i bpraghsanna reatha.
 - vi. [Dréachtbhuiséad 2024, Ráiteas ar mheastacháin](#) SEC (2023) 250 - Meitheamh 2023.
 - vii. Déantar foráil le hAirteagal 5 de Rialachán CAI i leith leithdháileadh breise leithreasuithe faoi chomhair gealltanais agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí le haghaidh liosta réamhshainithe clár, i gcomhair méid atá coibhéiseach le cineálacha áirithe fineálacha.
 - viii. Déantar foráil le hAirteagal 15(3) den Rialachán Airgeadais go bhféadfar leithreasuithe faoi chomhair gealltanais a chomhfhreagraíonn do mhéid an tsaortha a rinneadh i ndáil le tionscadail taighde a chur ar fáil arís.
 - ix. Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020, Ich. 1.
 - x. IO C66 I, 19.2.2019, Ich. 1.
 - xi. COM(2021)365, 7.6.2021, COM(2022)2093, 7.6.2022 agus COM (2023) 320 6.6.2023).

-
- xii. Chinn na Ballstáit cistí a aistriú idir fócaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe. Leagadh amach an toradh sin i Rialachán Tarmilgthe 2023/813 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023.
- xiii. Rialachán (AE) 2022/562 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le Gníomhaíocht Chomhtháthaithe le haghaidh Dídeanaithe san Eoraip (CARE), Rialachán (AE) 2022/613 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) Uimh. 223/2014 a mhéid a bhaineann le réamh-mhaoiniú méadaithe ó acmhainní REACT-EU agus le costas aonaid a bhunú agus Rialachán (AE) 2022/2039 lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013 agus (AE) 2021/1060 a mhéid a bhaineann le solúbthacht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí fhogha míleata Chónaidhm na Rúise FAST (Cúnamh Solúbtha do Chríocha).
- xiv I bhfianaise an tsásra seachadta atá bunaithe ar éileamh, níl aon réamhaisnéis ar fáil maidir le comhpháirt iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (mar an gcéanna le hionstraimí eile atá bunaithe ar iasachtaí a chuirtear chun feidhme lasmuigh den bhuiséad).
- xv [Forléargas ar rún na mBallstát maidir le tacaíocht iasachta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta a iarraidh.pdf \(europa.eu\)](#)
- xvi COM(2022)145, 23.3.2022.
- xvii COM(2021)250, 14.4.2021.
- xviii Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020, IO L 424/1, 15.12.2020
- xix An Coimisiún Eorpach, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2023:
- xx Mar thoradh ar an Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(b) déantar coigeartú go díreach ar uasteorainn fócaíochta CAI, rud a dhéanann an Coimisiún gach bliain sa choigeartú teicniúil, agus beidh an corrlach fócaíochta neamhúsáidte, faoi réir caidhpeanna rialála in 2025-2027